2026/819

1.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/819 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Aibreán 2026

lena leasaítear den 355ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 26 Márta 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leasú a dhéanamh ar dhá iontráil i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

(4) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,

An tArd-Stiúrthóir,
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'Abd El Hamid Salim Ibrahim Brukan al-Khatouni (an bunchló: عبد الحميد سالم إبراهيم بروكان الخاتوني) (ailias dea-cháilíochta: Abu Omar Al Sarraf). Dáta breithe: 1.9.1970 Áit bhreithe: an Iaráic. Náisiúntacht: an Iaráic. An seoladh: an Iaráic. Faisnéis eile: (a) Bhí sé ina cheannaire sinsearach in SIIL (Da'esh) agus é ina oifigeach bainistíochta airgeadais dó. (b) Ainm na máthar: Khadija Hattab Ismail; (c) Inscne: Fireann. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 26.3.2026.'

'Sami Jasim Muhammad Jaata Al-Jaburi (an bunchló: سامي جاسم محمد جعاطة الجبوري) (ailias dea-cháilíochta: (a) Mustafa Adnan al-Aziz (an bunchló: مصطفى عدنان العزيز) (Cárta aitheantais náisiúnta uimh. 9080002892, arna eisiúint ag Poblacht Arabach na Siria; ainm na máthar Dahiyah al-Mulhim; Dáta breithe: 1.1.1973; Áit bhreithe: Albu Kamal, an tSiria); (b) Mustafa Adnan al-Azeez (Cárta Cónaithe na Tuirce uimh. 4118 arna eisiúint 15.1.2019); ainm bréige lag: (a) Sami al-Ajuz; (b) Hajji Hamid. Dáta breithe: 1.7.1974. Áit bhreithe: an Iaráic. Náisiúntacht: an Iaráic. An seoladh: an Iaráic. Faisnéis eile: Eolas eile: (a) Ghlac sé iliomad ról laistigh de SIIL (Da'esh), lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas, gnóthaí ábhartha agus foinsí ioncaim SIIL. Bhí sé ina chomhalta freisin den Choiste Tarmligthe, mar a ghairtear de, arb é comhlacht cinnteoireachta SIIL (Da'esh). Bhí sé rannpháirteach freisin i roinnt oibríochtaí sceimhlitheoireachta éagsúla in aghaidh na bhfórsaí slándála nuair a bhí críoch á rialú ag SIIL agus bhí sé bainteach le díorthaigh ola a smuigleáil; (b) Ainm na máthar: A'ishah Hasan; (c) Inscne: Fireann; (d) Tuairisc ar an gcuma fhisiceach: dath na súl: dubh; dath gruaige: dubh. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 26.3.2026.'